Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Iúil 2018
(OR. en)

10800/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0282/A(COD)

CODEC 1228
CADREFIN 143
POLGEN 115
FIN 534
INST 269
FSTR 43
FC 37
REGIO 55
SOC 464
AGRISTR 49
PECHE 267
TRANS 308
ESPACE 35
TELECOM 214

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i dtaca le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 14 Meán Fómhair 2016, chuir an Coimisiún a thogra[1]bunaithe ar Airteagal 46(d), Airteagal 149, Airteagal 153(2)(a), Airteagail 164, 172, 175, 177 agus 178, Airteagail 189(2), 212(2) agus 322(1) agus Airteagal 349 CFAE, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a, ar aghaidh chuig an gComhairle.

[1] 12187/16.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 14 Nollaig 2016[2]. Thug an Chúirt Iniúchóirí uaithi a tuairim ar an 26 Eanáir 2017[3]. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 11 Bealtaine 2017[4].

3. Ar an 5 Iúil 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 13/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin agus go ndéanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

[2] IO C 75, 10.3.2017, lch. 63.
[3] IO C 91, 23.3.2017, lch. 1.
[4] IO C 306, 15.9.2017, lch. 64.
[5] 10551/18.